

Cuntas Leithreasa 2022

Vóta 7

Oifig an Aire Airgeadais

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 7, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, ar sheirbhísí áirithe arna riar ag Oifig an Aire agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €3.448 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gclárán 22 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, ach amháin sna cásanna seo a leanas.

Dímheas

Déantar dímheas a ríomh agus a ghearradh ar bhonn bliantúil ó mhí na fála go mí na diúscartha.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) feidhmeanna párolla, airgeadais agus acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, airgeadais agus párolla a sholáthar.

Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as oibriú na rialuithe laistigh de na hlonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Chuir Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte próiseas iniúcháireachta i bhfeidhm chun dearbhú neamhspleách a thabhairt ar oibriú na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Tá an dearbhú sin bunaithe ar mheascán de na nithe seo a leanas:

- an obair iniúcháireachta inmheánaí a dhéanann aonad iniúcháireachta inmheánaí na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le párolla agus acmhainní daonna, agus
- na hiniúchtaí a dhéanann gnólacht cuntasóirí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Dhearbhuithé Lontaofachta (ISAE 3402), atá deartha chun tuairisc a thabhairt do ranna is úsáideoirí agus dá n-iniúcháirí ar na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Sna hiniúchtaí sin, tugtar tuairisc ar dheardh na rialuithe i ndáil le hairgeadas agus ar éifeachtacht na rialuithe i ndáil le párolla agus acmhainní daonna a oibríodh sa bhliain 2022.

I mí Aibreáin 2022, cuireadh córas Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i bhfeidhm d'ocht gcliantchomhlacht, an Vóta seo ina measc. Cuireadh Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais in áit an chórais airgeadais a bhí in úsáid sa Roinn cheana féin. D'fhág sé sin go raibh dhá chuntas cuntasaíochta ar leith i bhfeidhm le linn na bliana cuntasaíochta 2022. Faoi mar a tharlaíonn i gcás gach chórais airgeadais thraseagraíochtúil mórsála, bhí dúshlán ag baint leis an gcóras a chur i bhfeidhm. Le linn an cuntas seo a ullmhú, ba ghá don Roinn seiceálacha láimhe breise a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil na figiúirí atá á dtuairisciú cruinn. Leanann an Roinn le hobair i gcomhar leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun iarracht a dhéanamh na dúshlán sin a shárú.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte litir dearbhaithe dom maidir leis na socruithe rialaithe inmheánaigh agus iniúcháireachta inmheánaí agus maidir leis na tuarascálacha ar na hiniúchtaí ar oibriú na rialuithe le linn na bliana 2022. Glacaim dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte, mar a thuairiscíonn an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dom.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.

- Tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmiligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- go bhfeidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann
- go gcinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile.

Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta

Úsáideann an Roinn feidhm iniúcháireachta inmheánaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe faoi théarmaí an chomhaontaithe seirbhíse idir an dá Roinn. Feidhmíonn an t-aonad iniúcháireachta inmheánaí faoi chairt i scríbhinn atá faofa ag Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Bíonn a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn Airgeadais neamhchosanta orthu agus bíonn a phleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí (a ullmhaítear i gcomhairle leis an gCoiste Iniúcháireachta agus a bhíonn faofa agam) bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúcháireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile.

Thug an Roinn mionsonraí faoi chúig chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte i leith gach conartha sa bhliain 2022, agus léiríodh an méid sin sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 dá dtagraítear faoin gceannteideal 'Soláthar' thuas.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainathint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainathnítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasáí atá siad. Déanann an Bord Feidhmiúcháin an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistíofar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe ionas go gcuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord Feidhmiúcháin, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainathníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn faireachán agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainathníodh aon laigí ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain 2022 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

John Hogan

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig an Aire Airgeadais

28 Márta 2023

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Oifig an Aire Airgeadais agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

11 Meán Fómhair 2023

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithe míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha i rialú inmheánach a shainithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

Cuntas Leithreasa 2022

		2022	2021
	Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
A Beartas eacnamaíoch agus fíoscach	28,202	24,985	24,014
B Beartas seirbhísí baincéireachta agus airgeadais	15,778	15,405	12,364
Ollchaiteachas	43,980	40,390	36,378
<i>Lúide</i>			
C Leithreasaí-i-gcabhair	1,080	1,038	1,151
Glanchaiteachas	42,900	39,352	35,227

Barrachas

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach cuid nó aon chuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena caitheamh sa bhliain dár gcionn. Tugadh €100,000 de leithdháiltí neamhchaite i leith na ngnéithe caipitil d'fho-mhírchinn A.2 agus B.2 anonn chuig an mbliain 2022.

	2022	2021
	€	€
Barrachas le géilleadh	3,548,171	4,283,596
Géilleadh iarchurtha	(100,000)	—
Barrachas le géilleadh	3,448,171	4,283,596

John Hogan

Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Aire Airgeadais

28 Márta 2023

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

	2022	2021
	€000	€000
Costas an chláir	11,676	9,925
Pá	22,640	22,144
Neamhphá	6,074	4,309
Ollchaiteachas	40,390	36,378
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	1,038	1,151
Glanchaiteachas	39,352	35,227
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Ceannacháin – airgead tirim	(241)	
Dímheas	6	(235)
		15
Athruithe ar ghlansócmhainní caipitil		
Méadú ar fhabhruithe deiridh	438	
Laghdú ar fhardail	23	461
		(28)
Caiteachas díreach	39,578	35,214
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	14,694	14,418
Measchíosanna	1,236	1,236
Glanhostas an chláir	55,508	50,868

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 7 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do vótaí eile.

		2022	2021
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	14,213	14,079
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	946	974
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	246	35
Vóta 20	An Garda Síochána	232	—
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	420	435
An Príomh-Chiste - pinsin airí		267	256
		16,324	15,779
Costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile		(1,630)	(1,361)
		14,694	14,418

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	241	6
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		760	1,194
Fardail	2.2	—	23
Réamhíocaíochtaí	2.3	336	387
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	271	125
Iomlán na sócmhainní reatha		1,367	1,729
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.5	751	364
Iarmhéideanna sochair eile	2.6	787	857
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.7	244	462
Iomlán na ndliteanas reatha		1,782	1,683
Glansócmhainní/(glandliteanais) reatha		(415)	46
Glansócmhainní		(174)	52
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.8	(174)	52

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh TF	Trealamh oifige	Sócmhain ní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní (costas nó luacháil)				
Ag an 1 Eanáir 2022	222	223	—	445
Breiseanna ^a	—	—	241	241
Ag an 31 Nollaig 2022	222	223	241	686
Dímheas carntha				
Ag an 1 Eanáir 2022	216	223	—	439
Dímheas don bhliain	6	—	—	6
Ag an 31 Nollaig 2022	222	223	—	445
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022	—	—	241	241
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	6	—	—	6

Nóta ^a Costais a bhaineann leis an gclár um úinéireacht thairbhiúil.

2.2 Fardail ^a

ag an 31 Nollaig	2022 €000	2021 €000
Stáiseanóireacht	—	15
Ábhar inchaite TF	—	8
	—	23

Nóta ^a Ón mbliain 2022 i leith, déantar earraí ardtoirte íseal-luacha a chlárú ina n-iomláine mar speansas sa bhliain agus ní aicmítear mar earraí stoic iad a thuilleadh.

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2022 €000	2021 €000
Ceadúnais agus tacaíocht TF	260	238
Oiliúint	34	70
Síntiúis	39	42
Réamhíocaíochtaí eile	3	37
	336	387

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Caiteachas taistil in-fhorchúitithe	26	5
Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim pas taistil	15	20
Tuarastail in-fhorchúitithe	72	—
Míreanna dochair eile ar fionraí	158	100
	271	125

2.5 Speansais fhabhráithe

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Costais iasachta	600	190
Costais áitribh oifige	34	109
Riarachán ginearálta	52	34
Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	65	31
	751	364

2.6 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	324	316
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	205	199
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	13	1
Cáin bhreisluacha	40	38
Ranníocaíochtaí pinsin	71	71
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
Muirear sóisialach uilíoch	65	63
	719	689
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	68	69
Tuarastail in-fhorchúitithe	—	95
Míreanna sochair eile ar fionraí	—	4
	787	857

2.7 Glanmhaoiniú ón Státhiste

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	3,448	4,284
Géilleadh iarchurtha	100	—
Deontas ón Státhiste nár tarraingíodh	(3,304)	(3,822)
Glanmhaoiniú ón Státhiste	244	462
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	760	1,194
larmhéideanna dochair: fionraí	271	125
	1,031	1,319
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(719)	(689)
larmhéideanna sochair: fionraí	(68)	(168)
	(787)	(857)
	244	462

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2022	2021
		€000	€000
larmhéid ag an 1 Eanáir		52	39
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	42,900	
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(100)	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(3,448)	
Glanvóta		39,352	35,227
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1	14,694	14,418
Caiteachas nach airgead tirim é – measchíos	1	1,236	1,236
Glanchostas an chláir	1	(55,508)	(50,868)
larmhéid ag an 31 Nollaig		(174)	52

2.9 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	2	2

2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá dlíthíocht ar siúl maidir le Corparáid na hÉireann um Réiteach Banc (CÉRB) agus maidir le Permanent TSB. Tá na caingne sin á gcosaint, agus ní dhearnadh aon mheastachán ar an dliteanas féideartha.

Tugadh cosaintí áirithe tríú páirtí (i riocht barántas agus slánaíochtaí) i ndáil le díol Irish Life Limited, i ndáil le diúscairt nótaí caipitil teagmhasacha Bhanc na hÉireann, i ndáil le diúscairt scaireanna i mBanc na hÉireann agus in AIB, agus i ndáil le leachtú CéRB.

Ní ionann iad sin agus liosta iomlán dlíthíochta ná cosaintí tríú páirtí. Cuireadh na míreanna ar leith sin ar áireamh toisc gur tharla sé, tráth a tionscnaíodh nó a soláthraíodh iad, go raibh tábhacht ar leith ag baint leo don Aire agus don Stát.

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar na cláir uile chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

		2022		2021
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	23,771	22,640	22,144
ii	Taisteal agus cothú	894	557	150
iii	Oiliúint agus forbairt	564	306	516
iv	Seirbhísí gairmiúla, seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	—	13	25
v	Speansais oibriúcháin	2,556	3,493	2,454
vi	Speansais áitribh agus chóiríochta	1,081	598	647
vii	Speansais chumarsáide	309	258	322
viii	Speansais sócmhainní agus trealaimh	340	849	195
		29,515	28,714	26,453

Nóta Rinneadh athruithe ar na fo-mhírchinn riaracháin chun an chairt aonair tras-Rialtais nua de chuntais do gach Vóta a éascú. Aistríodh ocht vóta, lena n-áirítear an vóta seo, go dtí an chairt nua cuntas in 2022. Tá athanailís déanta ar na figiúirí do 2021 chun ailíniú leis na fo-mhírchinn nua.

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €894,000; toradh €557,000

Cé gur fillleadh ar chruinnithe i bpearsa sa bhliain 2022, ba mhó an líon cruinnithe a tionóladh go fíorúil seachas i bpearsa ná mar a bhíodhas ag coinne leis.

iii Oiliúint agus forbairt

Soláthar meastacháin €564,000; toradh €306,000

Bhí tearc-chaitheamh ann mar gheall ar an nglacadh le cúrsaí áirithe agus leis an Scéim um Aisíoc Táillí a bheith níos ísle ná mar a bhíodhas ag coinne leis. Tháinig laghdú ar chostais cúrsaí áirithe freisin mar gheall ar iad a bheith á soláthar go fíorúil anois. Tháinig méadú ar an nglacadh le cláir a sholáthraíonn OneLearning, ar soláthraí oiliúna é a sholáthraíonn seirbhísí comhroinnte ar fud na státseirbhíse agus a bhí in ann coigilteas a ghiniúint sa chostas in aghaidh an duine ar chúrsaí.

v Speansais oibriúcháin

Soláthar meastacháin €2.556 milliún; toradh €3.493 milliún

Muirear ar Vóta 7 is ea muirir úis dhiúltaigh a bhaineann leis an gcuntas Airgid Caiteachais Phoiblí Barrachais. Bhí an muirear don bhliain 2022 níos airde ná mar a bhíodhas ag coinne leis.

vi Speansais áitribh agus chóiríochta

Soláthar meastacháin €1.081 milliún; toradh €598,000

Tríd is tríd, baineann an tearc-chaitheamh faoin bhfo-mhírchéann seo le deacrachtaí i ndáil le hoibreacha caipitil beartaithe a sceidealú.

viii Speansais sócmhainní agus trealaimh

Soláthar meastacháin €340,000; toradh €849,000

Tríd is tríd, bhí róchaitheamh ann faoin bhfo-mhírchéann seo toisc nár cuireadh forbairt píosa bogearraí ar áireamh sa mheastachán faoin bhfo-mhírchéann seo.

Clár A Beartas Eacnamaíoch agus Fioscach

		2022	2021
		Soláthar meastacháin	Toradh
		€000	€000
A.1	Riarachán – pá	12,451	11,976
A.2	Riarachán – neamhphá	3,266	3,135
A.3	Coistí agus coimisiúin	705	426
A.4	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	780	268
A.5	Deontas breosla	11,000	8,209
		28,202	24,985
			24,014

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chlár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €3.217 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tugadh míniú cheana féin ar thearc-chaitheamh €1.217 milliún a bhaineann le caiteachas riaracháin. Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den tearc-chaitheamh €2 mhilliún ar an gclár seo.

A.3 Coistí agus coimisiúin

Soláthar meastacháin €705,000; toradh €215,000

Soláthraíodh an meastachán don fho-mhírcheann seo chun obair an Choimisiúin um Chánachas agus Leas (meastachán €335,000, toradh €128,000) agus an Bhoird Achomharc Míochaine um Thiománaithe Míchumasaithe (meastachán €370,000, toradh €87,000) a chumhdach.

Maidir leis an tearc-chaitheamh i leith an Bhoird Achomharc Míochaine um Thiománaithe Míchumasaithe, tháinig sé chun cinn toisc gur éirigh na comhaltaí uile den Bhord as agus go bhfuil an próiseas achomhairc ar fionraí ó dheireadh na bliana 2021 i leith. Maidir leis an tearc-chaitheamh i leith an Choimisiúin um Chánachas agus Leas, tháinig sé chun cinn toisc, mar gheall ar ardleibhéil ionfhabhtuithe COVID, gur chuig formáid ar líne a aistríodh roinnt imeachtaí do gheallsealbhoirí a bhí le cur ar siúl ar líne. Thug an Coimisiún a chuid oibre i gcrích níos luaithe ná mar a buiséadaíodh dó freisin.

A.4 Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €780,000; toradh €512,000

Mar gheall ar chineál an fho-mhírchinn seo, ní féidir an clár oibre a thuar le cinnteacht agus ní mór buiséid a shocrú ag leibhéal stuama chun ligean do na haonaid aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna de réir mar a thagann siad chun cinn.

A.5 Deontas breosla

Soláthar meastacháin €11 mhilliún; toradh €9.758 milliún

Soláthraíodh meastachán €11 mhilliún don deontas breosla faoin Scéim um Thiománaithe Míchumasaithe agus Paisinéirí Míchumasaithe (Lamháltais Chánach). Cé go n-íoctar an deontas i leith breosla a úsáideadh sa 12 mhí roimhe, féadfar éilimh a dhéanamh i leith úsáid breosla in aon cheann de na ceithre bliana roimhe. Bíonn caitheamh ar an deontas breosla ag brath ar roinnt tosca, a fhágann go mbeidh difríocht éigin ann idir an caiteachas iarbhir agus an caiteachas measta.

Clár B Beartas Seirbhísí Baincéireachta agus Airgeadais

		2022	2021
		Soláthar meastacháin	Toradh
		€000	€000
B.1	Riarachán – pá	11,320	12,381
B.2	Riarachán – neamhphá	2,478	1,832
B.3	Coistí agus coimisiúin	35	25
B.4	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	1,454	676
B.5	An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean	491	491
		15,778	15,405
			12,364

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €373,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí róchaitheamh €415,000 ann, rud a bhain le caiteachas riaracháin agus a míníodh cheana féin. Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den difríocht €788,000.

B.4 Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €1.454 milliún; toradh €676,000

Mar gheall ar chineál an fho-mhírchinn seo, ní féidir an clár oibre a thuar le cinnteacht agus ní mór buiséid a shocrú ag leibhéal stuama chun ligean do na haonaid aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2022		2021
		Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1	Forchúiteamh speansas faoin scéim ráthaíochta bainc	150	49	240
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	780	753	732
3	Ilghnéitheach	150	236	179
Iomlán		1,080	1,038	1,151

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €42,000 níos ísle ná an meastachán.

1 Forchúiteamh speansas faoin scéim ráthaíochta bainc

Meastachán €150,000; réadaithe €49,000

Sa bhliain 2021, d'aistrigh an Roinn chuig cuntas fionraí tiomnaithe le haghaidh forchúiteamh ón earnáil baincéireachta. Is le blianta roimhe a bhaineann na fáltais sin.

4.2 Fáltais bhreise is iníochta leis an Státchiste

	2022 €000	2021 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Bailithe	—	1
Aistrithe chuig an Státchiste	—	(1)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	—	—

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2022	2021
Líon foirne ag deireadh na bliana	<u>313</u>	<u>324</u>

5.2 Pá

	2022	2021
	€000	€000
Pá	20,041	19,246
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	167	167
Liúntais eile	490	899
Ragobair	159	128
ÁSPC an fhostóra	1,783	1,704
Pá iomlán	<u>22,640</u>	<u>22,144</u>

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2022	2021
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	17	6	31,728	25,707
Liúntais eile	103	5	50,717	7,096
Ragobair	60	6	22,470	17,245
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	11	7	26,602	20,704

5.4 Foireann na Roinne de réir banda pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

Banda pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Go	2022	2021
20,000	59,999	194	209
60,000	69,999	16	20
70,000	79,999	18	23
80,000	89,999	35	32
90,000	99,999	21	21
100,000	109,999	13	8
110,000	119,999	10	13
120,000	129,999	9	1
130,000	139,999	2	1
140,000	149,999	—	1
150,000	159,999	—	4
160,000	169,999	3	1
170,000	179,999	1	—
180,000	189,999	—	1
190,000	199,999	2	—
200,000	209,999	—	—
210,000	219,999	—	—
220,000	229,999	1	—

5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €443,712 i dtaca le cúigear oifigeach a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh na bliana 2022 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2022 €	2021 €
Ró-íocaíochtaí	19	18,060	30,917
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	9	9,266	5,418

5.7 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn na bliana 2022, fuair beirt bhall foirne ar foirceannadh a bhfostaíocht íocaíochtaí iomarcaíochta €7,308 agus scaoilíocaíochtaí €23,018. Níor deonaíodh aon íocaíocht luath pinsin, blianta breise de sheirbhís bharúlach ná aon fheabhas eile ar na téarmaí fabhráithe pinsin.

5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Bhí luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas:

	2022	2021
	€000	€000
Bunphá		
Derek Moran – scortha as an 14 Iúil 2021	—	117
John Hogan – a ceapadh an 8 Meitheamh 2021	225	116
	225	233

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas.

Tá na daoine uile atá luaite thuas ina gcomhaltaí den scéim do státseirbhísigh bhunaitheaoisliúntais réamh-1995 agus ní théann a dteidlíochtaí chun sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsean sin.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Feidhmeanna córais baincéireachta

Rinne an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna córais baincéireachta a tharmligean chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 115 de 2010. Cúlghaireadh an tarmligean sin le héifeacht ón 5 Lúnasa 2011 faoi I.R. Uimh. 395 de 2011 agus tá Aonad Baincéireachta GBCN ar iasacht don Roinn Airgeadais ó shin i leith. Ar ordachán ón Aire, leanann GBCN le costais an aonaid a íoc, ar costais iad a chuimsíonn costais foirne agus costais áirithe chomhairleoireachta.

6.2 Coistí agus coimisiúin

	2022 €000	2021 €000
Coimisiún buan		
An Coiste Comhairleach um Chomhar Creidmheasa ^a	25	16
An Bord Achomharc Míochaine um Thiománaithe Míchumasaithe ^b	86	312
Coimisiún cuspóra shocráithe		
An Coimisiún um Chánachas agus Leas ^c	128	114
	239	442

- Nóta ^a Is é feidhm reachtúil an Choiste (faoi alt 180 den Acht um Chomhar Creidmheasa, 1997) comhairle a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas
- bainistiú comhar creidmheasa a fheabhsú
 - leas comhaltaí agus creidiúnaithe comhar creidmheasa a chosaint agus
 - cibé nithe eile a bhaineann le comhair chreidmheasa a iarraidh an tAire, an Banc Ceannais nó cibé daoine eile a shonróidh an tAire am go ham ar bhonn comhairle ón gCoiste.
- ^b Gníomhaíonn an Bord Achomharc Míochaine um Thiománaithe Míchumasaithe mar chomhlacht achomhairc do na hiarratasóirí sin ar dhiúltaigh oifigeach liachta sinsearach bundeimhniú liachta dóibh i leith na Scéime um Thiománaithe Míchumasaithe agus Paisinéirí Míchumasaithe (Lamháltais Chánach). Bunaíodh an Bord sa bhliain 1989. D'éirigh an bord ar fad as i mí na Samhna 2021, rud a bhí ar cheann amháin de na cúiseanna leis an gcaitheamh a bheith níos ísle sa bhliain 2022.
- ^c Bunaíodh an Coimisiún um Chánachas agus Leas chun breithniú neamhspleách a dhéanamh ar conas is fearr is féidir leis na córais chánachais agus leasa tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus fostaíocht mhéadaithe agus rathúnas méadaithe a chur chun cinn, á chinntiú ag an am céanna go mbíonn go leor acmhainní ar fáil chun costais na seirbhísí poiblí agus na dtacaí poiblí sa mheántearma agus san fhadtéarma a sheasamh. Seoladh an tuarascáil ón gCoimisiún um Chánachas agus Leas an 14 Meán Fómhair 2022.

6.3 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh a rinne daoine den phobal	lomlán 2022 ^a	lomlán 2021 ^a
Líon na gcásanna	1	1	3
	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne féin	22	22	110
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann			
Cúiteamh	—	—	—
Costais dlí	—	—	1
Costais eile	—	—	—
lomlán 2022	22	22	111
lomlán 2021	111	111	

Nóta ^a D'aisíoc trú páirtí na costais seo leis an Roinn sa bhliain 2022.

6.4 An cuntas Airgid Caiteachais Phoiblí Barrachais

	2022	2021
	€000	€000
Muirear úis dhiúltaigh	2,715	1,637

Nóta Is ann don chuntas Airgid Caiteachais Phoiblí Barrachais chun gur féidir rianú a dhéanamh ar iasachtaíocht agus aisíocaíocht cistí barrachais a shealbhaítear i gcuntas soláthair an Phámháistir Ghinearálta. Muirear ar Vóta 7 is ea muirir úis dhiúltaigh ar iarmhéideanna sa chuntas Airgid Caiteachais Phoiblí Barrachais ag an mBanc Ceannais. Aisíoctar formhór na muirear sin, áfach, trí 80% de bharrachais bhliantúla an Bhainc Ceannais a ghéilleadh don Phríomh-Chiste.

6.4 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha comhdhéanta de choigilteas €100,000 i gcaiteachas caipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas sa bhliain 2022 a tugadh anonn chuig an mbliain 2023.

	€000
Cur síos ar an bhfo-mhírcheann:	
A.2 Riarachán – neamhphá	50
B.2 Riarachán – neamhphá	50
	100

Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Airgeadais

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2023, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Ciste Comhlachta/Roinne	An tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn í	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
An Banc Ceannais	2021	5 Aib. 2022	29 Aib. 2022	24 Beal. 2022
Ciste na gComhar Creidmheasa	2021	13 Iúil 2022	13 Iúil 2022	4 Lún. 2022
An Bord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa ^a	2021	6 Noll. 2022	13 Noll. 2022	15 Noll. 2022
Cuntais Airgeadais	2021	30 Meith. 2022	1 Iúil 2022	4 Lún. 2022
An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean	2021	30 Meith. 2022	28 Iúil 2022	2 MF 2022
Cuntas Chiste na nEastát Dí-Thiomnacha	2021	11 Samh. 2022	11 Samh. 2022	14 Samh. 2022
Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann	2021	29 Már. 2022	30 Már. 2022	4 Beal. 2022
Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann	2021	13 MF 2022	30 MF 2022	17 DF 2022
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann	2021	25 Aib. 2022	29 Aib. 2022	2 Meith. 2022
Home Building Finance Ireland Lending DAC	2021	25 Aib. 2022	29 Aib. 2022	2 Meith. 2022
Cuntas Speisialta an Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID	2021	26 Lún. 2022	26 Lún. 2022	29 Lún. 2022
Cuntas Chiste Éirice an Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID	2021	26 Lún. 2022	26 Lún. 2022	29 Lún. 2022
An Cuntas Bannaí Talún (Foirceannadh)	2021	20 DF 2022	20 DF 2022	21 DF 2022
An Cuntas Iasachtaí Áitiúla	2021	18 DF 2022	18 DF 2022	19 DF 2022
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	2021	22 Aib. 2022	17 Beal. 2022	10 Meith. 2022
Fochuideachtaí na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (13)	2021	24 Meith. 2022	12 Iúil 2022	13 Iúil 2022

Ciste Comhlachta/Roinne	An tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn í	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	2021	16 Beal. 2022	31 Beal. 2022	7 Iúil 2022
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann	2021	28 Aib. 2022	29 Aib. 2022	10 Meith. 2022
An Cuntas Taisce Ilairgid	2021	19 Noll. 2022	19 Noll. 2022	20 Noll. 2022
Nóta ^a	Rinneadh an Bord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa a fhoirceannadh go hoibríochtúil an 31 Iúil 2017. Ba leis an Acht um an mBord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa (Díscaoileadh), 2020, a rinneadh socrú dá dhíscaoileadh. Beidh bord sealadach i bhfeidhm go dtí go gcomhaontófar dáta dá dhíscaoileadh.			